



Uimhir 42 de 2013

**AN tACHT SLÁINTE (CRITÉIR LE hAGHAIDH INCHÁILITHEACHTA A ATHRÚ)
(UIMH. 2), 2013**
[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Leasú ar alt 45A den Acht Sláinte, 1970
2. Leasú ar alt 48A den Acht Sláinte, 1970
3. Gearrtheideal agus comhlua

[Uimh. 42.] *An tAcht Sláinte (Critéir le haghaidh Incháilitheachta a Athrú)* [2013.]
(Uimh. 2), 2013.

NA hACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

An tAcht Sláinte, 1970 (Uimh. 1)
Na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2013



Uimhir 42 de 2013

**AN tACHT SLÁINTE (CRITÉIR LE hAGHAIDH INCHÁILITHEACHTA A
ATHRÚ) (UIMH. 2), 2013**

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú an Achta Sláinte, 1970 agus do dhéanamh socrú i ndáil le hincháilitheacht le haghaidh seirbhísí faoin Acht sin; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

[18 Nollaig 2013]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Leasú ar alt 45A den Acht Sláinte, 1970

1. Leasaítear alt 45A den Acht Sláinte, 1970—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1A):

“(1A) Más rud é—

(a) maidir le duine—

(i) go raibh sé nó sí pósta le duine eile go dtí go bhfuair an duine eile sin bás,

(ii) go raibh sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí le duine eile mar fhearchéile agus banchéile go dtí go bhfuair an duine eile sin bás, nó

(iii) go raibh sé nó sí ina pháirtneir sibhialta nó ina páirtneir sibhialta maidir le duine eile go dtí go bhfuair an duine eile sin bás,

(b) gur tharla bás an duine eile an 1 Eanáir 2009 nó dá éis, agus

(c) go raibh 70 bliain d’aois slánaithe ag an duine marthanach an tráth a fuair an duine eile sin bás,

is é a bheidh sa teorainn ioncain chomhláin is infheidhme maidir leis an duine marthanach sna 3 bliana tar éis bhás an duine eile sin—

(i) maidir leis an tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2009 agus dar críoch an 4 Aibreán 2013, an méid a shonraítear i bhfo-alt (3)(a)(ii),

A.1 [Uimh. 42.] *An tAcht Sláinte (Critéir le haghaidh Incháilitheachta a Athrú)* [2013.]
(Uimh. 2), 2013.

(ii) maidir leis an tréimhse dar tosach an 5 Aibreán 2013 agus dar críoch an 31 Nollaig 2013, an méid a shonraítear i bhfo-alt (3)(b)(ii), agus

(iii) le héifeacht ón 1 Eanáir 2014, an méid a shonraítear i bhfo-alt (3)(c)(ii),

ach ní bheidh feidhm ag an teorainn ioncaim chomhláin sin ach amháin maidir le cibé cuid den tréimhse 3 bliana ar lena linn nach bhfuil an duine marthanach pósta, nach bhfuil sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí le duine eile mar fhearchéile agus banchéile, nó nach bhfuil páirtneír sibhialta aige nó aici.”

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Is iad seo a leanas na teorainneacha ioncaim chomhláin chun críocha an ailt seo agus alt 45(5A):

(a) maidir leis an tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2009 agus dar críoch an 4 Aibreán 2013—

(i) más rud é, maidir le duine—

(I) nach bhfuil sé nó sí pósta,

(II) nach bhfuil sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí le duine eile mar fhearchéile agus banchéile, agus

(III) nach bhfuil páirtneír sibhialta aige nó aici,

€700 sa tseachtain an teorainn ioncaim chomhláin a bheidh aige nó aici, gan an t-ioncam ón gcuid de choigilteas nó d’infheistíochtaí dá shamhail de chuid an duine nach mó a luach caipitiúil ná €36,000 a áireamh, agus

(ii) más rud é—

(I) go bhfuil daoine pósta,

(II) go bhfuil daoine ina gcónaí le chéile mar fhearchéile agus banchéile, nó

(III) gur páirtneírí sibhialta iad daoine maidir lena chéile,

€1,400 sa tseachtain an teorainn ioncaim chomhláin a bheidh acu, gan an t-ioncam ón gcuid dá gcoigilteas nó dá n-infheistíochtaí dá shamhail nach mó a luach caipitiúil ná €72,000 a áireamh,

(b) maidir leis an tréimhse dar tosach an 5 Aibreán 2013 agus dar críoch an 31 Nollaig 2013—

(i) más rud é, maidir le duine—

(I) nach bhfuil sé nó sí pósta,

(II) nach bhfuil sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí le duine eile mar fhearchéile agus banchéile, agus

[2013.] *An tAcht Sláinte (Critéir le haghaidh Incháilitheachta a Athrú) [Uimh. 42.]*
(Uimh. 2), 2013.

A.1

(III) nach bhfuil páirtneír sibhialta aige nó aici,

€600 sa tseachtain an teorainn ioncaim chomhláin a bheidh aige nó aici, gan an t-ioncam ón gcuid de choigilteas nó d'infheistíochtaí dá shamhail de chuid an duine nach mó a luach caipitiúil ná €36,000 a áireamh, agus

(ii) más rud é—

(I) go bhfuil daoine pósta,

(II) go bhfuil daoine ina gcónaí le chéile mar fhearchéile agus banchéile, nó

(III) gur páirtneírí sibhialta iad daoine maidir lena chéile,

€1,200 sa tseachtain an teorainn comhioncaim chomhláin a bheidh acu, gan an t-ioncam ón gcuid dá gcoigilteas nó dá n-infheistíochtaí dá shamhail nach mó a luach caipitiúil ná €72,000 a áireamh,

agus

(c) le héifeacht ón 1 Eanáir 2014—

(i) más rud é, maidir le duine—

(I) nach bhfuil sé nó sí pósta,

(II) nach bhfuil sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí le duine eile mar fhearchéile agus banchéile, agus

(III) nach bhfuil páirtneír sibhialta aige nó aici,

€500 sa tseachtain an teorainn ioncaim chomhláin a bheidh aige nó aici, gan an t-ioncam ón gcuid de choigilteas nó d'infheistíochtaí dá shamhail de chuid an duine nach mó a luach caipitiúil ná €36,000 a áireamh, agus

(ii) más rud é—

(I) go bhfuil daoine pósta,

(II) go bhfuil daoine ina gcónaí le chéile mar fhearchéile agus banchéile, nó

(III) gur páirtneírí sibhialta iad daoine maidir lena chéile,

€900 sa tseachtain an teorainn comhioncaim chomhláin a bheidh acu, gan an t-ioncam ón gcuid dá gcoigilteas nó dá n-infheistíochtaí dá shamhail nach mó a luach caipitiúil ná €72,000 a áireamh.”.

Leasú ar alt 48A den Acht Sláinte, 1970

2. Leasaítear alt 48A den Acht Sláinte, 1970—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

A.2 [Uimh. 42.] *An tAcht Sláinte (Critéir le haghaidh Incháilitheachta a Athrú)* [2013.]
(Uimh. 2), 2013.

“(1) I gcás go dtugann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte fógra do dhuine á rá go bhfuil láncháilíocht aige nó aici faoin gCuid seo mar gheall ar alt 45(5A) nó 45A, déanfaidh sé nó sí, má iarrann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte air nó uirthi déanamh amhlaidh aon tráth tar éis an fógra sin a thabhairt, cibé faisnéis a thabhairt d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le hioncam agus sócmhainní an duine sin is dóigh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte is gá chun go súfidh sí an bhfuil láncháilíocht ag an duine sin nó an leanann sé nó sí de láncháilíocht a bheith aige nó aici.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) Maidir le duine—

(a) ar thug Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte fógra dó nó di mar gheall ar alt 45(5A) nó 45A, roimh an 1 Eanáir 2014, á rá go raibh láncháilíocht aige nó aici faoin gCuid seo,

(b) a lean den láncháilíocht sin a bheith aige nó aici go dtí an 31 Nollaig 2013, agus

(c) a scoireann, mar gheall ar na leasuithe ar alt 45A a dhéantar le *halt 1* den *Acht Sláinte (Critéir le haghaidh Incháilitheachta a Athrú (Uimh. 2), 2013*, de cháilíocht den sórt sin a bheith aige nó aici,

coimeádfaidh sé nó sí an cháilíocht sin go dtí an 28 Feabhra 2014.”.

Gearrtheideal agus comhlua

3. (1) Féadfar an tAcht Sláinte (Critéir le haghaidh Incháilitheachta a Athrú) (Uimh. 2), 2013 a ghairm den Acht seo.

(2) Folóidh an comhlua “na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2013” an tAcht seo.